

Coinníollacha Úsáide

1. Má úsáideann muid grianghraif de dhaltaí aonaracha nó de ghrúpaí bheaga de dhaltaí, déanfaidh muid chuile iarracht gan ainm iomlán an pháiste (céadainm agus sloinne) a úsáid sa théacs nó sa bhfoscscríbhinn a théann leo. Tabhair faoi deara go bhfuil sé dóchúil go n-úsáidfeadh na meáin céadainmneacha agus sloinnte ina gcuid foilsíúcháin.
2. Ní chuirfidh muid seoltaí phearsanta ríomhphoist nó poist, uimhreacha gutháin nó faics ar bhfísthéip, ar ár suíomh idirlín, in ár réamheolaire nó i bhfoilsíúcháin clóbhuailte eile.
3. D'fhéadfadh muid grianghraif grúpa nó ranga nó píosa scannáin le lipéid an-ghinearálta mar "Ceacht Eolaíochta" a úsáid chun obair a thaispeáint.

Foirm Údaraithe Chun Grianghraif a Úsáid

A Thuismitheoir / A Chaomhnóir A Chara,

Bíonn ócáidí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta i rith na scoilbhliana nuair a thógtar grianghraif de na páistí in ár scoil. San áireamh bíonn an chéad lá ar scoil, imeachtaí spóirt, bronnadh duaiseanna, taispeántas oibre, cuairteoirí ar an scoil, ócáidí sóisialta scoile agus ar aile. D'fhéadfadh muid na grianghraif seo a úsáid i nuachtlitir na scoile, i réamheolaire na scoile, ar an suíomh idirlín freisin nó ar na cláir taispeántais tionscadal sa scoil. D'fhéadfadh muid taifeadadh físteipe a dhéanamh de dhrámaí scoile nó d'obair eile.

Ó am go chéile d'fhéadfadh na meáin cuairt a thabhairt ar an scoil agus d'fhéadfadh siad grianghraif nó píosa scannáin a thógaint nó agallaimh a dhéanamh. Go minic feicfead daltaí sna íomhánanna seo agus d'fhéadfadh siad a bheith foilsithe i nuachtáin áitiúla nó náisiúnta nó ar chláir nuachta teilifíse. Seans go mbeadh grianghraif tógtha do na meáin nó d'fheidhmeanna bolscaireachta eile ag imeachtaí ina bhfuil an scoil ag glacadh páirt.

Mar thuismitheoir/chaomhnóir tá cearta agat ar an gcaoi ina n-úsáidtear grianghraif de do pháiste agus tá sé de cheart agat cead a thabhairt nó a dhiúlú don úsáid sin.

Bheinn buíoch díot dá líonfadh tú isteach an fhoirm toilithe thíos ag tabhairt le fios an mbeadh tú sásta go mbeadh grianghraif de do pháiste tógtha agus úsáidte sna foirmeacha meán thuasluaite, ar thaispeántas scoile, i nuachtlitir na scoile agus ar shuíomh idirlín na scoile, de réir mar a éiríonn deiseanna i rith a bhunscolaíocht i nGaelscoil Chill Mhantáin.

Tugaim / Ní thugaim cead go dtógfá grianghraif de mo pháiste agus gníomhaíochtaí scoile ar siúl aige.

Má fhreagraíonn tú 'tugaim' don cheist thuas, cuir tic sna boscaí thíos le d'thoil má tá sásta go n-úsáidfead na grianghraif sna bealaigh seo a leanas:

- I bhfoilsíúcháin agus in ábhair bolscaireachta éisithe ag an scoil agus/nó foilsithe sna meáin áitiúla agus náisiúnta.
- Ar thaispeáint mar chuid d'obair scoile, m.sh. sa scoil nó sna eaglaisí áitiúla, sa leabharlann ar ócáidí speisialta mar is chúí
- Ar shuíomh idirlín na scoile
- Ar thairfeadadh físteipe déanta don scoil

Tá na coinníollacha úsáide ar an taobh eile den bhfoirm seo léite agam agus tuigim iad.

Ainm an Mhic Léinn: _____

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra: _____ Dáta: _____

